Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022
(OR. fr, en)

9716/22

LIMITE

CYBER 198
TELECOM 255
CSC 228
CSCI 74
FIN 590

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9317/2/22 REV 2 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 05/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh: Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir leis na bagairtí'<br>- Formheas |

1. An 30 Márta 2022, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta Uimhir 05/2022 dar teideal 'Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh: Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir leis na bagairtí'.[1]

2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Aibreán 2022, chuir Coiste na mBuanionadaithe an Tuarascáil Speisialta faoi chúram na Meithle Cothrománaí um Chibearcheisteanna[2].

[1] 8040/22.
[2] 8041/22.

3. An 3 Bealtaine 2022, chuir ionadaithe na Cúirte Iniúchóirí an Tuarascáil Speisialta faoi bhráid na Meithle Cothrománaí um Chibearcheisteanna. Ag eascairt as an bplé a rinneadh ar an tuarascáil ag an gcruinniú céanna a bhí ag an Meitheal, dhréachtaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus phléigh an Mheitheal iad ag an gcruinniú a bhí aici ar an 24 Bealtaine 2022.

4. An 10 Meitheamh 2022, tháinig an Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar chomhaontú maidir leis an téacs atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí sin a fhormheas agus a mholadh go nglacfadh an Chomhairle iad ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

---

PUBLIC

## DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

PUBLIC

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 05/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh: Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir leis na bagairtí'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[3];

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 05/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais: Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir leis na bagairtí'[4].

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí agus a phráinní atá sé an leibhéal cibearshlándála a neartú laistigh d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i bhfianaise an ghéaraithe a tháinig le deireanas ar an gclaochlú digiteach laistigh de na hinstitiúidí, i bhfianaise na faisnéise íogaire a phróiseálann siad, líon agus déine shíormhéadaitheach na n-ionsaithe ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus leibhéal na bagartha a dhéanann difear dóibh.

---

[3] 7515/00 + COR 1.
[4] 8040/22.

3. MEABHRAÍONN SÍ DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019[5] inar iarr an Chomhairle Eorpach ar institiúidí an Aontais, i gcomhar leis na Ballstáit, obair a dhéanamh ar bhearta a neartóidh athléimneacht agus cultúr slándála an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha ón taobh amuigh den Aontas, agus cosaint níos fearr a thabhairt ar ghníomhartha mailíseacha den uile chineál do líonraí faisnéise agus cumarsáide an Aontais agus dá phróisis chinnteoireachta.

4. MEABHRAÍONN SÍ DI na conclúidí uaithi an 10 Nollaig 2019 maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac[6], inar iarr sí ar institiúidí, ar chomhlachtaí agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais, le tacaíocht ó na Ballstáit, a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht ag an Aontas a iomláine féin a chosaint ó ghníomhaíochtaí mailíseacha den uile chineál agus feabhas a chur ar shlándáil na líonraí faisnéise agus cumarsáide san Aontas, agus ar na próisis chinnteoireachta, bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar bhagairtí. Chuige sin, dúradh sna conclúidí gur cheart d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, le tacaíocht ó na Ballstáit, sraith chuimsitheach beart a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a slándáil féin a áirithiú, i gcomhréir leis an sainordú a fuarthas ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2019[7].

5. MEABHRAÍONN SÍ DI conclúidí uaithi an 22 Márta 2021 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach[8], ina chuir sí i bhfios go láidir go bhfuil an chibearshlándáil ríthábhachtach d'fheidhmiú an riaracháin phoiblí agus institiúidí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus, ar an iomlán, don tsochaí agus don gheilleagar.

[5] EUCO 9/19.
[6] 14972/19.
[7] EUCO 9/19.
[8] 6722/21.



PUBLIC

6. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithi an 23 Bealtaine 2022 maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt[9], inar moladh d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais páirt a ghlacadh i mapáil na n-uirlisí atá ann cheana don chumarsáid shlán sa chibear-réimse, ar uirlisí iad a bheidh le plé i gcomhlachtaí ábhartha de chuid na Comhairle agus leis na grúpaí ábhartha comhair, amhail líonra CSIRTanna agus timthriall an Aontais.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar an riosca sistéamach atá san idirnascadh idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus idir iad féin agus institiúidí na mBallstát, in ainneoin a neamhspleáchais institiúidigh agus a neamhspleáchais riaracháin.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha na Tuarascála Speisialta, eadhon nach bhfuil leibhéal cibearullmhachta atá i gcomhréir leis na bagairtí bainte amach ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus go bhfuil leibhéil éagsúla aibíochta cibearshlándála ag baint leo. AITHNÍONN SÍ gur cheart leibhéal ullmhachta cibearshlándála institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis na sineirgí atá eatarthu, a fheabhsú.

9. MOLANN SÍ GO MÓR, dá bhrí sin, go leanfadh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais de chur chun feidhme na mbeart bainistithe cibearriosca lena n-áirithítear leibhéal comhréireach cibearshlándála, mar a bheartaítear leis an treoir atá molta maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148, d'fhonn a leibhéal ullmhachta a fheabhsú.

10. IARRANN SÍ ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a n-iarrachtaí a threisiú chun iad féin a chosaint ar chibearbhagairtí agus comhar eatarthu a threisiú maidir le caighdeáin agus sonraíochtaí comhsheasmhacha a bhunú, go háirithe don soláthar poiblí, tionscadail agus seirbhísí a bhaineann leis an gcibearshlándáil, agus d'fhonn idir-inoibritheacht a gcóras TF a fheabhsú, lena n-áirítear d'fhonn a áirithiú go ndéanfar inneachar neamhaicmithe a chur in iúl ar bhealach slán.

[9] 9364/22.



PUBLIC

11. IARRANN SÍ ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus ar an bhFoireann Práinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (CERT-EU), faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí féin, a gcomhar a threisiú maidir le tacú le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ina n-iarrachtaí cibearshlándála, go háirithe maidir le fothú acmhainní d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE a bhfuil leibhéal níos ísle aibíochta cibearshlándála acu.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ gur cheart leibhéal ullmhachta cibearshlándála institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis na sineirgí atá eatarthu, a fheabhsú go mór. Ba cheart d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais creat cuimsitheach bainistithe riosca a bheith acu don chibearshlándáil, measúnuithe agus iniúchtaí riosca rialta a dhéanamh, bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann nó ar mhodheolaíocht atá aitheanta go forleathan agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, agus cláir feasachta agus oiliúna cibearshlándála a chórasú do bhaill foirne.

3. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR freisin gur cheart d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais buiséad leordhóthanach a leithdháileadh chun a áirithiú go ndéanfar bearta cosanta i gcoinne cibearbhagairtí a chur chun feidhme agus an creat airgeadais ilbhliantúil á urramú ag an am céanna, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh a dhéantar sa Tuarascáil Speisialta gur cheart comhlacht a cheapadh a bheadh ionadaíoch ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais, agus an sainordú agus na hacmhainní iomchuí á dtabhairt chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha comhchoiteanna maidir leis an gcibearshlándáil.

14. AITHNÍONN SÍ gur cheart CERT-EU a chur ar an eolas gan mhoill faoi chibeartheagmhais shuntasacha laistigh d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus, chuige sin, gur cheart go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag gabháil léi atá intuartha agus atá oiriúnaithe don leibhéal reatha bagartha agus do riachtanais institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe ó thaobh na foirne, an trealaimh theicniúil agus an bhonneagair de.



PUBLIC

15. THUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart comhar agus malartú faisnéise maidir leis an gcibearshlándáil, chomh maith le hidir-inoibritheacht bealaí slána cumarsáide idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, a neartú agus a chórasú. IARANN SÍ go ndéanfaí údaráis phoiblí atá freagrach as cibearshlándáil sna Ballstáit a áireamh freisin sa chomhar agus sa mhalartú faisnéise sin.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún, CERT-EU agus ENISA a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta a chur san áireamh agus a bheith uaillmhianach agus beartais chibearshlándála institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais á gceapadh aige, agus tacú le tuilleadh sineirgí eatarthu.

---

PUBLIC